Do thogh Éire fear faire
[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 80]
Domhnall mac Tomais Ui Uicinn
[Deibhidhe, Dán Direach]

1 Do thogh Éire fear faire
ni hurusa a hionghaire
da roimhéd do leattrom linn
do choimhéad eachtronn d'Éirinn.
2 Faire Eirionn ar ua cCuinn
ar an láochraidh o Lu(i)nduind
ní fhúair aondhuine do fhéad
áodhaire an cuain do choimhéad.
3 Ré húa nEogain ni husa
coimhéad Cairrge Fhearghusa
mur tá cúan Muman a-muigh
gan sluagh Uladh 'na fhochair.
4 Coimhead Eireann don tháoibh thoir
ar ua cCuinn cuirthear d'fiachaibh
go hInis Bhó Finne ar fad
dar linne ní do as dearmad.
5 Da ttíosadh ass táth Teamhrach
fada an tríall-sa ar Thoirrdhealbach
líon gleo o Liphthi Laigean
slighthi leo nach leanfaidhear.
6 An oighreacht as dó dleagh(th)air
do gabáil ar Gaoidhealaibh
fonn Banbha do bhí ag Gallaibh
tarla fáoi 'ga fearandaip.
7 Do dhul dóibh 'na nduthaigh féin
do chuir ua Eogain aimhréidh
ge beag luagh rabaidh roimhe
Danair a ccuan Corcoidhe.
8 Cúan Sligigh d'forchoimhéad air
mur ta Beand oirrdearc Éadair
mur tá sluagh fearrdha Finne
a sealbha ar chuan Coirlinne.
9 O fhéin eachtronn go núa a-noir
os he dob fhaide ó Ulltaibh
coma an chuain um Cheand tSháile
fuair ar ceann na conghàire.
10 Ar mac Neill o bheinn go beinn
faire gach éanchuain d'Éirind
cách go Fionntráigh 'ga bfhaire
tráth iompáidh da háodhaire.
11 Íocfaidh a bfuil d'fiachaibh air
an mac-sin Neill úa Eoghain
Éire dh'úaim $_7$ d'fhaire
ní fhuair céile a chosmaile.

12 An fáidh-sí a-nos acc O Néill
ar roinn Chuinn o thug toibheim
beanfaidh breath fhola hEachaidh
leath Mogha do Mhuimhneachaibh.

13 Más ar chlú chuirid a ngeall
sinnsir uaisle fhóid Éireand
as dó as cneasda táth Teamhrach
gnáth na teasda ag Ttoirrdealbach.

14 Da mbeith an rúaig rompa soin [81]
do ghuais Gaoideal guirt Fhionntain
a mbés féin ag fine Gall
o fhéin Line go locand.

15 A[n] Niall Frasach o bfuil sin
ler taibhgheadh cáin gac cóigidh
na cána oile do íarr
nír chóra roimhe ag rígNíall.

16 A n-agaidh a n-ainbhreath air
Toirrdhealbach uadh fa fhiachaibh
sgél o chlandaibh Neill a-nall
geill o Ghallaibh nac gabhand.

17 Uirsgel as oircheas fachain
ar triar mac Chuinn Céadchathaigh
láoich fa casmail re cloinn Neill
an gasraidh nar thuill toibhéim.

18 Do bhrígh an iúil (do) fhuair misi
dob é críoch na cloinni-si(n)
dias do marbadh diobh fa dheóidh
ór shíol adhbur an uirsgeóil.

19 Eochaidh Fionn Fiachaidh Súidhe
ticc do táobh a n-iomthnúith[e]
marpadh deisi do chloinn Chuinn
roinn a ttreisi nir thualuing.

20 Buain a bhraithreach d’Art Aoinfhear
sgél as cóir do chomhmaoidheamh
dha righdhamhna fhréimhe Cuinn
fíorgaphla chléire o cConuill.

21 Snadhmadh Teamhrach a ndán dó
d’eis marbhtha Connla is Crionna
as bocht (?) cáis an gníomh ler gabh
do bríogh bháis a dha bhrathar.

22 Rioghdhacht Éirionn ticc as-teach
d’Art Áoinfhear d’éis a bhraithreach
ní cás ’sa threisi a táthar
bá(i)s a dheisi dearbhbhrathar.

23 Cóir teacht tarsa re hathaidh
an chlann-sin Chuinn Céadcathaigh
clann Chuinnmic Feilim da éis
créidhim oirrdric re a fhaisnéis.

24 Art Áoinfhear d’éis na cloinne

ga rogha as fearr agoinne
fuair ar an ccor-sain fiadh Flainn
cosmail do iarr an urraim.
25 Ionann airdheana an da fhear
Toirrdhealbhach is Art Áoinfhear
ionann a ccás leath ar leath
dob ionann bás a mbraithreach.
26 D’éis Briain is Airt óig d’oigidh
brath fir ag ráith rioghOiligh
ni breath chláon do threibh Teamhrach
do-beir táobh re Toirrdhealbach.
27 Niall mac Airt dob é a athair
slat d’fhío[dh]baidh Chuinn Céadcathaigh
an té da ngeaphaim-ne greim
as é as eanoighre ar Éirinn.
28 Acc mac Cuinn do-chúala me
rioghacht Éirionn da aithle
da ttíos(ú)adh dínn táth Teamhrach
gnáth an tír ag Toirrdhealbach.
29 Ni thuiccim nach ttiocfa riph
romhór an obair áoinfhir
is úaim cláir Conaire id chionn
do dháil d’foraire Éirionn.
30 A úa Neill na Náoi nGeimeal
os cionn cáigh o cuirfidhear
cuir ó táoi at eighre air$^{s}$
na náoi ngeimhle fát gíallaibh.
31 Rí romhaibh dar chomhainm Conn
bar bfhíacha air is ionann
do bhí reimhe ar f(h)onn bFhiachaidh
ger trom n-eire ot airdfhiachaibh.
32 A fhir chomhdha do chean féin
a choill chumhdaigh chlann tsaoirNeill
na biodh Goill ribh acc righe
sibh don choill as ceinnbhile.
33 Níorbh áil le háoinfhear oile
d’úaisliph indsi hÚghoine
budh bean roghan treabh Teamhrach
bean lér togadh Toirrdhealbach.
34 Maidhm nach ttucadh ríamh reimhe
as do tarla a ttarrngeire
ar nuaGhallaibh san sál soir
fuaramair d’ádh a nUlltuibh.
35 Uaim Banbha do chuir a cceill
le seabhcaiph sleachta sáoirNeill
nir bhean a airde da húaim
a sheal dh’faire gach éancúain.
36 Sgél sin lér glúaisiodair Goill
o threiph Luighdheach go Lunnoinn

ré iomlán don fhuil-sin Chuinn
acc iomrádh Uisnigh aguinn.
37 Ma tá uaibh-si ’ga reic rinn
fuasgail damh-sa an ceisd chuirim
cia dar chóir a chlú id chomhar
a cnú óir na n-ollomhan.
38 Cáin chóig ccóigeadh ’na chartaigh
mac Neill cuid da chumhachtaibh
os cairt dheighbhisidh do dhligh
an t-eighri-sin Airt Áoinfhir.
39 Do Ghallaibh as gníomh foladh
suil Bhanbha do bhuadhogadh
as fear fhoraire fhóid Bhreadh
is comhfhaire chóig ccóicceadh.
40 O a-ta a-nos da chur a cceill
beag sin do rath í ríNeill
go bfuil sgrios ainbhfhine air
fios na tairrghire ag Teamhraigh.
41 Ní cúairt gearr do ghnáthaigh sgol [82]
acht comhnaidhe a ccrích Uladh
ni théid chlíar úadh fa oba
do bhuadh gan riar rofad(h)a. Do...